8 Now if we be dead with Christ, we believe that we shall also live with him:
9 Knowing that Christ being raised from the dead dieth no more; death hath no more dominion over him.
10 For in that he died, he died unto sin once: but in that he liveth, he liveth unto God.
11 Likewise reckon ye also yourselves to be dead indeed unto sin, but alive unto God through Jesus Christ our Lord.
12 Let not sin therefore reign in your mortal body, that ye should obey it in the lusts thereof.
13 Neither yield ye your members *as* instruments of unrighteousness unto sin: but yield yourselves unto God, as those that are

agus bhur mbaill na nármuibh fireántachda do Dhía.

14 Oír ní bhiáidh tighearnus ag an bpeacadh oraibh: do bhrígh nách fáoi an dligheadh atá sibh, achd faói ghrásuibh.

15 Créd eile maseadh? a ndéanam peacadh, ar a nadhbhar nách bhfuilmíd faói an dligheadh, achd faói ghrásuibh? nar léige Día sin.

16 An é nach bhfuil a fhios aguibh, gidh bé dhá dtabharthaói sibh féin mar sheirbhíseachuibh chum úmhlachda, gur seirbhísigh sibh don tí dá númhlaighthí; mas do pheacadh chum báis, no dúmhlachd chum fireántachda?

17 Achd buidheachas ré Día, go rabhabhair bhur seirbhiseachuibh ag an bpeacadh, achd dúmhlaigh sibh ó chróídhe don fhoirm theaguisg do tugadh dhíbh.

18 Agus ar mbeith dhíbh ar bhur sáoradh ó pheacadh, do rinneadh seirbhísigh don fhíréuntachd dhaóibh.

19 Is mar dhuine labhrum ar son anbhfainne bhur bhféolasa: oír do réir mar thugabhair bhur mbaill na seirbhíseachuibh do neamhghloine agus do bhriseadh na naitheantadh chum éagcóra; tabhruigh a nois mar an gcéudná bhur mbaill na seirbhíseachuibh don fhíréantachd chum náomhthachda.

20 Oír an tan do bhí sibh bhur seirbhíseachuibh ag an bpeacadh, do bhí sibh sáor ó fhíréuntachd.

21 Ar a nadhbharsin créd é an toradh fúarabhair a nuársin ann sna neithibh fá a bhfuil náire a nois oraibh? oír as é as críoch dhóibh bás.

22 Achd a nois ar mbeith dháoibh ar bhur sáoradh ó pheacadh, agus ar bhur ndéunamh bhur seirbhíseachuibh dó Dhía, atá toradh aguibh chum náomhthachda, agus an chríoch dheigheanach an bheatha mharrthanach.

23 Oír asé as túarasdal don pheacadh bás; achd *asé* tabhartus Dé an bheatha mhárrthanach tré Iosa Críosd ar Dtighearna.

alive from the dead, and your members *as* instruments of righteousness unto God.

14 For sin shall not have dominion over you: for ye are not under the law, but under grace.

15 What then? shall we sin, because we are not under the law, but under grace? God forbid.

16 Know ye not, that to whom ye yield yourselves servants to obey, his servants ye are to whom ye obey; whether of sin unto death, or of obedience unto righteousness?

17 But God be thanked, that ye were the servants of sin, but ye have obeyed from the heart that form of doctrine which was delivered you.

18 Being then made free from sin, ye became the servants of righteousness.

19 I speak after the manner of men because of the infirmity of your flesh: for as ye have yielded your members servants to uncleanness and to iniquity unto iniquity; even so now yield your members servants to righteousness unto holiness.

20 For when ye were the servants of sin, ye were free from righteousness.

21 What fruit had ye then in those things whereof ye are now ashamed? for the end of those things *is* death.

22 But now being made free from sin, and become servants to God, ye have your fruit unto holiness, and the end everlasting life.

23 For the wages of sin *is* death; but the gift of God *is* eternal life through Jesus Christ our Lord.

## Caibidil 7

*Gu bhfuil duine marbh don réachd (noch fhéuchas a choire dhó, nach eidir leis a chlaói, tré chath na mbaill re na inntinne;) 25 ach beó tré chreidimh Chríosd.*

1 A ne nach bhfuil a fhios aguibh, a dhearbhraithre, (óir as ris an luchd agá bhfuil fios an reachda labhruim,) go bhfuil cúmhachda ag an reachd ar dhuine ar feadh a sháoghail?

## Chapter 7

1 Know ye not, brethren, (for I speak to them that know the law,) how that the law hath dominion over a man as long as he liveth?

2 Oir an bhean atá pósda ré fear atá sí ceangailte dhé feadh a sháoghail do réir an reachda; gidheadh dá bhfághadh a fear bás, atá sise sáor ó reachd a nfir.

2 For the woman which hath an husband is bound by the law to *her* husband so long as he liveth; but if the husband be dead, she is loosed from the law of *her* husband.

3 Uime sin ré sáoghal a fir dá raibh sí ag fear éile, goirfighthear meirdreach dhí: gidheadh dá bhfaghaidh a fear bás, atá sí sáor ón reachd; ionnus nach meirdreach í, ar son í bheith ag fear eile.

3 So then if, while *her* husband liveth, she be married to another man, she shall be called an adulteress: but if her husband be dead, she is free from that law; so that she is no adulteress, though she be married to another man.

4 Ar a nadhbharsin, a bhraithreacha, atá sibhse leis marbh don reachd tré chorp Chríosd; ionnus go mbíadh sibh ag fear eile, *eadhon*, dhosan noch do tógbhadh súas ó mharbhaibh, chum sinne toraidh thabhairt do Dhía.

4 Wherefore, my brethren, ye also are become dead to the law by the body of Christ; that ye should be married to another, *even* to him who is raised from the dead, that we should bring forth fruit unto God.

5 Oír tan do bhámair sa bhfeóil, do bhiodh míangus na bpeacadh, trés an reachd, ag oibriughadh ann ar mballaibh chum toraidh do thabhairt chum báis.

5 For when we were in the flesh, the motions of sins, which were by the law, did work in our members to bring forth fruit unto death.

6 Achd a nois atámaid air ar sáoradh ón reachd, ar mbeith don ní lér congmhadh sinn marbh; ionnus go ndéanamaóis seirbís a nuáidheachd na spioráide, agus ní an narsaigheachd na leitre.

6 But now we are delivered from the law, that being dead wherein we were held; that we should serve in newness of spirit, and not *in* the oldness of the letter.

7 Ar a nadhbharsin créud a déuram? A né gur peacadh an reachd? nar léige Día sin. Gidheadh, ní raibh fios peacaigh agum achd trés an reachd: oír ní bhíadh éolus air mbíangus agum, muna nabradh an reachd, Na biodh míanghus ort.

7 What shall we say then? *Is* the law sin? God forbid. Nay, I had not known sin, but by the law: for I had not known lust, except the law had said, Thou shalt not covet.

8 Agus ar ngabháil chionfátha don pheacadh, trés a naithne, do oibrigh sé íonnum gach uile ghné mhíanghuis. Oir a bhféugmhuis an reachda *do bhi* an peacadh marbh.

8 But sin, taking occasion by the commandment, wrought in me all manner of concupiscence. For without the law sin *was* dead.

9 Agus do bhí misi ar uáiribh beó a bhféugmhais an reachda: achd ar dteachd do náithne, do aithbhéodhaidh an peacadh, agus fuáir misi bás.

9 For I was alive without the law once: but when the commandment came, sin revived, and I died.

10 Agus a náithne úd, do *hórduigheadh* chum beatha, fríth dhamhsa í chum báis.

10 And the commandment, which *was ordained* to life, I found *to be* unto death.

11 Oír ar ngabháil chionfátha don pheacadh, trés a naithne, do mheall sé mé, agus lé sin do mharbh sé *mé*.

11 For sin, taking occasion by the commandment, deceived me, and by it slew *me*.

12 Ar a nadhbharsin *atá* an reachd gan amharus náomhtha, agus a náithne náomhtha, agus comhthrom, agus maith.

12 Wherefore the law *is* holy, and the commandment holy, and just, and good.

13 Uime sin an bhfuil a ní maith ar na dhéunamh na bhás dhámhsa? nar léigidh Día sin. Achd an peacadh, ionnus go mhíadh sé follus na pheacadh, doibrigh sé bás ionnum trés a ní maith; do chum go mbíadh an peacadh na pheacadh áidhbhéileach trés a náithne.

13 Was then that which is good made death unto me? God forbid. But sin, that it might appear sin, working death in me by that which is good; that sin by the commandment might become exceeding sinful.

14 Oir atá a fhios aguinn go bhfuil an reachd
sbioradálta: achd atáimse collaighe, ar mo reic
faói pheacadh.
15 Oir ní thuigim an ní do ním: óir ní hé an ní
is mían ríom, do ním; achd a ní fúathaighim, a
sé do ním.
16 Agus má sé a ní nach mían riom do ním,
tigim ris an reachd gur maith é.
17 Ar a nadhbharsin ní misi feasda do ní é,
achd an peacadh chomhnaigheas ionnum.
18 Oír atá a fhios agam, nach bhfuil maith ar
bith na comhnuidhe íonnum, eadhon am
fheóil: óir ata an toil a bhfogus damh; achd ní
fhaghuim *slighe ar bith* chum na maitheasa do
chríochnughadh.
19 Oír ní dhéanuim an mhaith is mían riom:
achd an tolc nach mían riom, a sé do ním.
20 Agus má nímse a ní nach mían riom, ní misi
do ní é feasda, achd an peacadh
chomhnuigheas ionnum.
21 Ar a nadhbharsin do gheibhim dligheadh,
an tan is mían riom maith do dhéanamh, go
bhfuil an tolc do lathuir agam.
22 Oír atá fonn agam a reachd Dé do réir an
duine táobh asdigh:
23 Achd do chím reachd eile ann mo bhallaibh,
ag cathughadh a naghaidh reachda minntinne,
agus dom thabhairt a mbruid do reachd an
pheacaidh noch atá am bhallaibh.
24 Uch mo thrúaighe um dhuine truailleánta!
cía sháorfus mé ó chorp an bháis so?
25 Beirim buídheachus ré Día tré Iósa Críosd
ar Dtighearna. Uime sin do nímse go deimhin
am intinn seirbhís do reachd Dé; achd am
fhéoil reachd an pheacaidh.

14 For we know that the law is spiritual: but I
am carnal, sold under sin.
15 For that which I do I allow not: for what I
would, that do I not; but what I hate, that do I.
16 If then I do that which I would not, I
consent unto the law that *it is* good.
17 Now then it is no more I that do it, but sin
that dwelleth in me.
18 For I know that in me (that is, in my flesh,)
dwelleth no good thing: for to will is present
with me; but *how* to perform that which is
good I find not.
19 For the good that I would I do not: but the
evil which I would not, that I do.
20 Now if I do that I would not, it is no more I
that do it, but sin that dwelleth in me.
21 I find then a law, that, when I would do
good, evil is present with me.
22 For I delight in the law of God after the
inward man:
23 But I see another law in my members,
warring against the law of my mind, and
bringing me into captivity to the law of sin
which is in my members.
24 O wretched man that I am! who shall
deliver me from the body of this death?
25 I thank God through Jesus Christ our Lord.
So then with the mind I myself serve the law of
God; but with the flesh the law of sin.

## Caibidil 8

*Saóirse agus fíor dhóchas na ndaóine mhaireas fa reachd na Spioruide.*

1 Ar a nadhbharsin ní bhfuil damnughadh ar
bith a nois don dreim atá a Nióśa Críosd, nach
siobhlann do réir na féola, achd do réir na
Spioruide.
2 Oír do sháor dligheadh Spioruide na beatha
a Níosa Críosd misi ó dligheadh an pheacaidh
agus an bháis.
3 Oír an ní nár bhéidir don dligheadh do
dhéunamh, ar mbeith dhó anbhfann trés an
bhfeól, ar gcur a Mhic féin do Dhía ag
cosamhlachd cholla an pheacuigh, agus ar son
peacaigh, do dhamnuighe sé an peacadh sa
ccoluinn:

## Chapter 8

1 *There is* therefore now no condemnation to
them which are in Christ Jesus, who walk not
after the flesh, but after the Spirit.
2 For the law of the Spirit of life in Christ Jesus
hath made me free from the law of sin and
death.
3 For what the law could not do, in that it was
weak through the flesh, God sending his own
Son in the likeness of sinful flesh, and for sin,
condemned sin in the flesh:

4 Ionnus go gcoimhlionfuidhe ceart an dlighe ionnuine, nach siobhlann do réir na colla, achd do réir na Spioruide.

4 That the righteousness of the law might be fulfilled in us, who walk not after the flesh, but after the Spirit.

5 Oír an dream atá do réir na féola smuáintighid síad neithe bheanas ris an bhfeóil; achd an dream atá do réir na Spioruide na neithe bheanas ris an Spioruid.

5 For they that are after the flesh do mind the things of the flesh; but they that are after the Spirit the things of the Spirit.

6 Oír is bás gliocas na feóla; achd is beatha agus siothcháin gliocas na Spioruide.

6 For to be carnally minded *is* death; but to be spiritually minded *is* life and peace.

7 Oír is námhadus a naghuidh Dé gliocas na féola: óir ní úmhluigheann sé do dhligheadh Dé, agus fós ní héidir leis.

7 Because the carnal mind *is* enmity against God: for it is not subject to the law of God, neither indeed can be.

8 Ar a nadhbharsin an dream atá do réir na féola ní héidir leó toil Dé do dhéunamh.

8 So then they that are in the flesh cannot please God.

9 Achd ní bhfuiltísi do réir na féola, achd do réir na Spioruide, má atá Spiorad Dé na comhnuidhe ionnuibh. Achd gidh bé nach a bhfuil Spiorad Chríosd aige, ní lé Críosd an duine sin.

9 But ye are not in the flesh, but in the Spirit, if so be that the Spirit of God dwell in you. Now if any man have not the Spirit of Christ, he is none of his.

10 Agus má atá Críosd ionnuibh, *atá* an corp go deimhin marbh do thaóibh *an pheacuigh;* achd *is* beatha an Spiorad tré fhiréantachd.

10 And if Christ *be* in you, the body *is* dead because of sin; but the Spirit *is* life because of righteousness.

11 Achd má chomhnuigheann ionnuibh Spiorad an té do dhúisigh Iósa ó mharbhuibh, an té do dhúisigh Criosd ó mharbhuibh béodhachaigh sé bhar gcuirp shó mharbhthachasa mar an gcéudna tré na Spioruidsion chomhnuigheas ionnuibh.

11 But if the Spirit of him that raised up Jesus from the dead dwell in you, he that raised up Christ from the dead shall also quicken your mortal bodies by his Spirit that dwelleth in you.

12 Uime sin, a bráithreacha, ní don fheóil, atámaóid ar bhféitheamhnuibh, ar chor go gcaithfeadhmaóis ar mbeatha do réir na féola.

12 Therefore, brethren, we are debtors, not to the flesh, to live after the flesh.

13 Oír más do réir na féola chaithfidhe bhar mbeatha, do ghéubthaói bás: achd má mharbhthaói gníomhartha na colla leis an Spioruid, do gheubhthaói beatha.

13 For if ye live after the flesh, ye shall die: but if ye through the Spirit do mortify the deeds of the body, ye shall live.

14 Oír an mhéid thréoruighthear lé Spiorud Dé, a síad clann Dé íad.

14 For as many as are led by the Spirit of God, they are the sons of God.

15 Oír níor ghabhabhair chugaibh Spiorad na seirbhíse a rís chum eagla; achd do ghabhabhair chuguibh Spiorad atharghadh na cloinne, tré ngoirmíd, Abba, a Athair.

15 For ye have not received the spirit of bondage again to fear; but ye have received the Spirit of adoption, whereby we cry, Abba, Father.

16 Do ní an Spioradsa fíadhnuisi lé ar spioruidne, gur clann do Dhía sinn:

16 The Spirit itself beareth witness with our spirit, that we are the children of God:

17 Agus más clann, is oidhrighe fós sinn; óidhrighe gan *amharas* do Dhía, agus comhóidhrighe do Chríosd; má fhuilngmíd a néinfheachd *ris*, ionnus go mbemís a ccómhghlóir *ris*.

17 And if children, then heirs; heirs of God, and joint-heirs with Christ; if so be that we suffer with *him,* that we may be also glorified together.

18 Oír measuim nach fíu ná neithe fhuilgemíd sa naimsirse a láthair an ghlóir fhoillséochthar dhúinn.

18 For I reckon that the sufferings of this present time *are* not worthy *to be compared* with the glory which shall be revealed in us.

19 Oír atá feitheamh díthcheallach gach creatúir ag fuireach ré foillsiughadh chloinne Dé.

19 For the earnest expectation of the creature waiteth for the manifestation of the sons of God.

20 Oír atá an creatúir fá mhursántachd an
diomhaóinis, ní dhá thoil féin, achd ar son an
té dó chuir fá mhursántachd é,
21 A muinighin go sáorfuidhe an creatúir féin
ó sheirbhís na truáillidheachda go sáoirsi
ghlóire chloinne Dé.
22 Oír atá a fhios aguinn go bhfuil a nuile
chreatúir ag osnaighe agus a bpéin *mar*
*mhnaói ré cloinn* má ráon *rinne* gus a nuáirse.
23 Agus ní *hiadsan* amháin, achd sinne féin,
agá bhfuilid céadthórtha na Spioruide, bímíd
ag osnaighe ionnuinn féin, ag feitheamh re
athargadh na *cloinne*, fúasgladh ar gcuirp.

24 Oír as lé dóigh atámaóid sabhalta: achd má
chíthear an dóigh ní dóigh í: oír créd fá a
mbíadh dóigh ag neach, ris an ní do chí sé?
25 Achd má bhíonn súil aguinn ris an ní nach
bhfaicmíd, do nimíd fuireach tre fhoighid.
26 Agus is mar an gcéadna fhóireas an Spiorad
ar néagcrúasne: oír ní bhfuil a fhios aguinn
créd do íarrfadhmaóis a nurnuighe mar budh
cóir: achd do ní an Spiorad féin urnuighe air ar
son lé hosnaidhibh dó-innse.
27 Achd *atá* a fhíos ag sgrúdaigheóir na
gcroidheadh cred é toil na Spioruide, óir is do
réir *thola* Dé ghuidheas sé ar son na náomh.

28 Agus atá a fhios aguinn go
gcomhoibrigheann gach uile ní chum
maitheasa do na daóinibh ghráduigheas Día,
noch atá ar na ngairm do reir a órduighesion.
29 Oír an dream do réumhaithin sé, do
réumhórduigh sé a mbeith comhchosmhuil
díomhaigh a Mhic féin, a chor go mbeith
seisean na chédghein éidir mhórán
dearbhrathar.
30 Agus an dream do thogh sé roimh láimh, do
ghoir sé íad mar an gcédna: agus an dream do
ghoir sé, do sháor sé íad mar an gcéudna: agus
an dream do sháor sé, tug sé glóir dhóibh mar
an gcéudna.
31 Uime sin créd a déaram fa na neithibhsi?
Ma *atá* Día linn, cia *fhéadus bheith* ar
naghuidh?
32 An té nár choigill a Mhac *díleas* féin, achd
tug air ar soinne uile é, cionnas nach
ttiodhluicfeadh sé dhúinn gach uile ní maille
ris?
33 Cía chuirfeas coirthe a naghuidh dháoine
toghtha Dé? *A sé* Día sháoras.
34 Cía dhaimeónas? Críosd fúair bás, agus fós,
do rinne a neiséirighe, noch atá ar deis Dé,
agus fós ghuidheas air ar soinne.

20 For the creature was made subject to
vanity, not willingly, but by reason of him who
hath subjected *the same* in hope,
21 Because the creature itself also shall be
delivered from the bondage of corruption into
the glorious liberty of the children of God.
22 For we know that the whole creation
groaneth and travaileth in pain together until
now.
23 And not only *they,* but ourselves also, which
have the firstfruits of the Spirit, even we
ourselves groan within ourselves, waiting for
the adoption, *to wit,* the redemption of our
body.
24 For we are saved by hope: but hope that is
seen is not hope: for what a man seeth, why
doth he yet hope for?
25 But if we hope for that we see not, *then* do
we with patience wait for *it*.
26 Likewise the Spirit also helpeth our
infirmities: for we know not what we should
pray for as we ought: but the Spirit itself
maketh intercession for us with groanings
which cannot be uttered.
27 And he that searcheth the hearts knoweth
what *is* the mind of the Spirit, because he
maketh intercession for the saints according to
*the will of* God.
28 And we know that all things work together
for good to them that love God, to them who
are the called according to *his* purpose.

29 For whom he did foreknow, he also did
predestinate *to be* conformed to the image of
his Son, that he might be the firstborn among
many brethren.

30 Moreover whom he did predestinate, them
he also called: and whom he called, them he
also justified: and whom he justified, them he
also glorified.

31 What shall we then say to these things? If
God *be* for us, who *can be* against us?

32 He that spared not his own Son, but
delivered him up for us all, how shall he not
with him also freely give us all things?

33 Who shall lay any thing to the charge of
God's elect? *It is* God that justifieth.
34 Who *is* he that condemneth? *It is* Christ
that died, yea rather, that is risen again, who is
even at the right hand of God, who also maketh
intercession for us.

35 Cía dhealóchus sinn ó ghrádh Chríosd? trioblóid, nó amhgar, nó díbeirt, nó gorta, nó lomnochduighe, nó peiríacuil, nó cloidheamh?

36 (Mar atá sgriobhtha, Is ar do shonsa mharbhthar sinn ar feadh an láoi; atámáoid air ar meas mar cháorcha ré huchd a marbhtha.)

37 Achd, buáidhemíd ionnta so uile trés an té do ghrádhuigh sinn.

38 Oír atá a dheirbhfhios agam, nach búdh héidir lé bás, na lé beatha, na lé hainglibh, ná lé húachdaranachuibh, ná lé cúmhachduibh, ná leis na neithibh atá do láthair, ná leis na neithibh atá chum teachda,

39 Ná lé hairde, ná lé doimhne, ná lé creatúr ar bith eile, sinne dhéalughadh ó ghrádh Dé, atá a Niósa Críosd ar Dtighearna.

35 Who shall separate us from the love of Christ? *shall* tribulation, or distress, or persecution, or famine, or nakedness, or peril, or sword?

36 As it is written, For thy sake we are killed all the day long; we are accounted as sheep for the slaughter.

37 Nay, in all these things we are more than conquerors through him that loved us.

38 For I am persuaded, that neither death, nor life, nor angels, nor principalities, nor powers, nor things present, nor things to come,

39 Nor height, nor depth, nor any other creature, shall be able to separate us from the love of God, which is in Christ Jesus our Lord.

## Caibidil 9

*Mar fúaradur na Iúduidhe roimhesi sochar do thuille ar na Geintleachaibh, amhluidh bheir Día cuibhrionn ghrása is éifeachdaigh dáonduine no do dhuine eile.*

1 A DEIRIM a nfírinne a Gcríosd, ní dhéunuim brég, ar mbeith dom chogús ag déunamh fíadhnuise dhamh tres an Spiorad Náomh,

2 Go bhfuil tuirsi mhór óram agus doilgheas a gcómhnuidhe ar mo chroídhe.

3 Oír do ordeóchuinn mé féin do bheith dealuighthe ó Chríosd ar son mo dhearbhraithreach, mo dháoine gáoil do réir na feóla.

4 Noch atá na Nisrahéluibh; ag ar *leó* athargadh na cloinne, agus an ghlóir, agus an tiomna, agus órdughadh an reachda, agus seirbhís *Dé*, agus na geallamhnacha;

5 Ag ar *díobh* na haithre, agus ó a *bhfuil* Críosd do réir na feóla, atá na Dhía ós cionn na nuile, beannaighe go síorruidhe. Amén.

6 Gidheadh né héidir bríathar Dé a bheith gan éifeachd. Oir ní hé gach éunduine *thig* ó Israél, atá na Israélach.

7 Agus ní ar son, go bhfuilid síad na síol ag Abraham, *atáid* síad uile na gcloinn: achd, A Nisaac ainmneochthar dhuit síol.

8 A *sé sín* ré a rádh, Ní híad clann na féola, clann Dé: achd clann na geallamhna mheastar mar shíol.

9 Oír a sí so bríathar na geallamhna, Tiocfuidh mé fá namsa a rís, agus biáidh mac ag Sára.

## Chapter 9

1 I say the truth in Christ, I lie not, my conscience also bearing me witness in the Holy Ghost,

2 That I have great heaviness and continual sorrow in my heart.

3 For I could wish that myself were accursed from Christ for my brethren, my kinsmen according to the flesh:

4 Who are Israelites; to whom *pertaineth* the adoption, and the glory, and the covenants, and the giving of the law, and the service *of God,* and the promises;

5 Whose *are* the fathers, and of whom as concerning the flesh Christ *came,* who is over all, God blessed for ever. Amen.

6 Not as though the word of God hath taken none effect. For they *are* not all Israel, which are of Israel:

7 Neither, because they are the seed of Abraham, *are they* all children: but, In Isaac shall thy seed be called.

8 That is, They which are the children of the flesh, these *are* not the children of God: but the children of the promise are counted for the seed.

9 For this *is* the word of promise, At this time will I come, and Sara shall have a son.

10 Agus ní hé amháin; achd Rebecca mar an gcéudna a nuáir do thoircheagh í ó neach áirighe, *eadhon* Isáac ar nathairne;
11 Oír suil rugadh *na leinibh*, agus suil do rinneadar maith ná olc, ar chor go mbíadh órdughadh Dé do réir na togha seasmhach, ní ó oibreachuibh, achd ón té ghoireas;
12 A dubhradh ría, Go ndéanadh an té is seine seirbhís don té ís óige.
13 Mar atá sgríobhtha, Do ghrádhuigh mé Iácob, agus do fhúathuigh mé Esau.
14 Uime sin créd a déaram? An *bhfuil* éagcóir ag Día? Bíodh a bhfad uáinn sin do rádh.
15 Oír a deir sé ré Máoise, Do dhéana mé trócaire ar an té ar a ndéuna mé trócaire, agus do dhéuna mé truaidhe don té dhá ndéunuidh mé truáídhe.
16 Ar an nadhbharsin ní ón té lér ab áill, nó on té riothas, *atá an tógha* achd ó Dhía do ní trócaire.
17 Oír a deir an sgrioptúr ré Pharáo, Is chuige so féin do thóig mé súas thú, ar chor go bhfoillseóchuinn mo chúmhachda ionnad, agus go ninneóstáoi mainm ar feadh na talmhan uile.
18 Uime sin do ní sé trócaire ar an té is áill leis, agus cruáidhighe sé an té is áill leis.
19 Achd a déara tú ríom, Maseadh créud fá bhfuil fearg air? Oir cía chuir a naghuidh a thola?
20 Achd ó a dhuine, cía thusa thagrus a naghuidh Dé? A naibeóra an ní do cumadh ris an té do chum *é*, Créd fá a ndearnuidh tú mé mar so?
21 A né nach bhfuil cúmhachda ag ceard na críadh ar an gcréafóig, ionnas go ndéanadh sé soitheach chum onóra, agus soitheach eile chum neamhonóra déanádhbhar amháin?
22 *Achd* má dfulaing Día, chum a fheirge féin a thaisbéanadh, agus a chúmhachd do dhéanamh follus, tré iomad foighide le soighthighibh na feirge hórduigheadh chum damanta:
23 Agus do chum go bhfoillseóchadh sé saidhbhreas a ghlóire féin do shoithighibh na trócaire, do ullmhuigh sé ó thús chum glóire,
24 *Eadhon* dúinne, noch do ghoir sé, ní as na Iúduidhibh amháin, achd fós as na Cineadhachuibh?
25 Mar a deir sé fós a Noséa, Goirfidh mé mo phobal féin, don pobal nár leam; agus mo ghrádh féin, don mhnáoi nach raibh am gradh.
26 Agus teigeamhuidh, an sa nionad a ndubhradh ríu, Ní sibhsi mo phobalsa; go

10 And not only *this;* but when Rebecca also had conceived by one, *even* by our father Isaac;
11 (For *the children* being not yet born, neither having done any good or evil, that the purpose of God according to election might stand, not of works, but of him that calleth;)
12 It was said unto her, The elder shall serve the younger.
13 As it is written, Jacob have I loved, but Esau have I hated.
14 What shall we say then? *Is there* unrighteousness with God? God forbid.
15 For he saith to Moses, I will have mercy on whom I will have mercy, and I will have compassion on whom I will have compassion.
16 So then *it is* not of him that willeth, nor of him that runneth, but of God that sheweth mercy.
17 For the scripture saith unto Pharaoh, Even for this same purpose have I raised thee up, that I might shew my power in thee, and that my name might be declared throughout all the earth.
18 Therefore hath he mercy on whom he will *have mercy,* and whom he will he hardeneth.
19 Thou wilt say then unto me, Why doth he yet find fault? For who hath resisted his will?
20 Nay but, O man, who art thou that repliest against God? Shall the thing formed say to him that formed *it,* Why hast thou made me thus?
21 Hath not the potter power over the clay, of the same lump to make one vessel unto honour, and another unto dishonour?
22 *What* if God, willing to shew *his* wrath, and to make his power known, endured with much longsuffering the vessels of wrath fitted to destruction:
23 And that he might make known the riches of his glory on the vessels of mercy, which he had afore prepared unto glory,
24 Even us, whom he hath called, not of the Jews only, but also of the Gentiles?
25 As he saith also in Osee, I will call them my people, which were not my people; and her beloved, which was not beloved.
26 And it shall come to pass, *that* in the place where it was said unto them, Ye *are* not my

ngoirfighear sa náit chéadna díobh Clann Dé bhi.

27 Agus éighidh Esaías ar Israél, Bíodh go mbeith úimhir chloinne Israel mar ghaineadh na fairge, sláinéochthar a bhfuighleach:

28 Oír do dhéaná sé cúnntas, agus cuirfidh sé a naithghearr é maille ré cómhthrom: óir is cúntas aithghearr do dheana an Tighearna ar an dtalamh.

29 Agus mar a dubhairt Esaías roimhe, Muna bhfágbhadh Tighearna na slúagh siol aguinn, do dhéantáoi sinn mar Shodom, agus do bhíadhmáois cosmhuil lé Gomorra.

30 Ar a nadhbharsin créd a déaram? Go rugadar na Cineacha, nár lean don fhíréantachd, ar an bhfíréntachd *eadhon*, an fhíréntachd atá ón chreideamh.

31 Achd Israhél do lean reachd na fíréntachda, ní rangadar go reachd na fíréantachda.

32 Créd uime? Do bhrigh nach ó chreideamh, achd mar do bheith ó oibrighthibh an reachda *do iarradar í*. Oir fúaradar oilbhhéim fa chloich na hoilbhéime;

33 Mar atá sgríobtha, Féuch, cuirim a Síon cloch oilbhéime agus carruic thuislidh: agus gidh bé chreideas ann, ní bhfuíghe sé náire.

### Caibidil 10

*Gu bfuil fireantacht an dlighe, sa nduine, agus a Nisrael amhain: achd fireantacht an chreidímh, a Ccriosd, ag rochtain na nuile chineadh.*

1 A BHRAITHRE, go *deimhin* atá deaghthoil mo chroidhe agus murnuighe chum Dé ar son Isráel, chum a slánnighthe.

2 Oír do ním dfiadhnuisi dhóibh go bhfuil teas ghrádha Dé aca, achd ní do réir éoluis.

3 Oír ar mbeith ainbhfeasach dhóibh a bhfiréantachd Dé, agus ag íarruidh a bhfireantachd féin do sheasadh, níor ísligheadar íad féin dfiréantachd Dé.

4 Oír a sé Críosd foircheann an reachda chum fíreantachda dá gach áon a chreideas.

5 Oír sgríobhuidh Máoise ar an bhfíreantachd *thig* ón reachd, Gidh bé duine dhéanus íad mairfidh sé tríotha.

6 Achd an fhíréantachd *thig* ó chreideamh is mar so a deir sí, Na habhair ann do chróidhe féin, Cía rachas súas ar neamh? is ionann sin, agus Críosd do thabhairt a núas:

people; there shall they be called the children of the living God.

27 Esaias also crieth concerning Israel, Though the number of the children of Israel be as the sand of the sea, a remnant shall be saved:

28 For he will finish the work, and cut *it* short in righteousness: because a short work will the Lord make upon the earth.

29 And as Esaias said before, Except the Lord of Sabaoth had left us a seed, we had been as Sodoma, and been made like unto Gomorrha.

30 What shall we say then? That the Gentiles, which followed not after righteousness, have attained to righteousness, even the righteousness which is of faith.

31 But Israel, which followed after the law of righteousness, hath not attained to the law of righteousness.

32 Wherefore? Because *they sought it* not by faith, but as it were by the works of the law. For they stumbled at that stumblingstone;

33 As it is written, Behold, I lay in Sion a stumblingstone and rock of offence: and whosoever believeth on him shall not be ashamed.

### Chapter 10

1 Brethren, my heart's desire and prayer to God for Israel is, that they might be saved.

2 For I bear them record that they have a zeal of God, but not according to knowledge.

3 For they being ignorant of God's righteousness, and going about to establish their own righteousness, have not submitted themselves unto the righteousness of God.

4 For Christ *is* the end of the law for righteousness to every one that believeth.

5 For Moses describeth the righteousness which is of the law, That the man which doeth those things shall live by them.

6 But the righteousness which is of faith speaketh on this wise, Say not in thine heart, Who shall ascend into heaven? (that is, to bring Christ down *from above:)*

7 Nó, Cía rachas síos don dubhaigén? is ionann sin, agus Críosd do thabhairt a rís ó mharbhuibh.
8 Achd créd a deir sí? Atá an bhríathar a ngar dhuit, ann do bhéul, agus an do chroidhe: a sí so, bríathar an chreidimh, do nimíd do sheanmóir;
9 Eadhon dá nadmha tú ód bhéol an Tighearna Iósa, agus dá gcreide tú ad chróidhe gur thóg Día é ó mharbhuibh, sláinéochthar thú.
10 Oír is ris an gcróidhe chreidthear chum fíréantachda; agus leis an mbéul do níthear admháil chum slánaighe.
11 Oír a deir an sgríoptúr, Gidh bé chreideas annsan ní bhfuighe sé náire.
12 Oír ní bhfuil dithfir ar bith eidir an Iúduidhe agus an Gréugach ann: óir is éin Tighearna dhóibh uile atá saidhbhir dá gach uile dhuine ghuidheas é.
13 Oír gidh bé duine ghuidhfeas ainm an Tighearna, sláinéochthar é.
14 Achd cionnas ghuidhfid síad an té ann nar chreideadar? agus cionnas chreidfid síad ann sa té nach ccúaladar *teachd thairis?* Agus cionnas chluinfid síad gan seanmóntuigh?
15 Agus cionus do dhéanuid siad seanmóir, muna chuirthear *chuige* íad? Mar atá sgríobhtha, O créd é bréaghachd chos na muinntire shoisgéulas an tsiothchain, shoisgéulas neithe maithe!
16 Achd níor úmhluigheadar uile don tsoisgéul. Oir a deir Esaías, A Thighearna, cía chreid dar seanmóirne?
17 Uime sin is tré éisdeachd *thig* an creideamh, agus an téisdeachd tré bhréithir Dé.
18 Achd a deirimse, A né nach ccúaladar? Do chuáidh a bhfuáim go deimhin fá gach uile thalamh, agus a mbríathra go leithimeal an domhuin.
19 Achd a deirim, A né nách raibh a fhios ag Israél? A deir Máoisi ar tús, Cuirfidh mé tnúth oruibh lé *cineadh* nach bhfuil na chineadh, le cineadh míothuigseach cuirfidh mé fearg oruibh.
20 Agus atá Esaías dána, agus a deir sé, Fríth mé leis a ndréim nach ar íarr mé; Do rinneadh follus mé don dreim nár íarr mo thúarasgbháil.
21 Achd a deir sé a naghuidh Israél, Do shín mé amach mo lámha feadh an láoi chum pobuil easúmhuil labhrus am aghaidh.

7 Or, Who shall descend into the deep? (that is, to bring up Christ again from the dead.)
8 But what saith it? The word is nigh thee, *even* in thy mouth, and in thy heart: that is, the word of faith, which we preach;
9 That if thou shalt confess with thy mouth the Lord Jesus, and shalt believe in thine heart that God hath raised him from the dead, thou shalt be saved.
10 For with the heart man believeth unto righteousness; and with the mouth confession is made unto salvation.
11 For the scripture saith, Whosoever believeth on him shall not be ashamed.
12 For there is no difference between the Jew and the Greek: for the same Lord over all is rich unto all that call upon him.
13 For whosoever shall call upon the name of the Lord shall be saved.
14 How then shall they call on him in whom they have not believed? and how shall they believe in him of whom they have not heard? and how shall they hear without a preacher?
15 And how shall they preach, except they be sent? as it is written, How beautiful are the feet of them that preach the gospel of peace, and bring glad tidings of good things!
16 But they have not all obeyed the gospel. For Esaias saith, Lord, who hath believed our report?
17 So then faith *cometh* by hearing, and hearing by the word of God.
18 But I say, Have they not heard? Yes verily, their sound went into all the earth, and their words unto the ends of the world.
19 But I say, Did not Israel know? First Moses saith, I will provoke you to jealousy by *them that are* no people, *and* by a foolish nation I will anger you.
20 But Esaias is very bold, and saith, I was found of them that sought me not; I was made manifest unto them that asked not after me.
21 But to Israel he saith, All day long I have stretched forth my hands unto a disobedient and gainsaying people.

## Caibidil 11

*Ata fuighoill do thoradh Israel ar na dtogha;*
16 *achd iompochthar fos lanthoradh dhíobh.*

1 Uime sin fíafruighim, Nar theilg Día a phobal
féin úadha? Nár léige Día sin. Oír is Israélach
misi féin, do shliochd Abraham, do threibh
Bhenjamin.
2 Níor theilg Día uáidh a phobál fein do aithin
sé ó thús. A né nách bhfuil a fhios aguibh créd
a deir an scrioptúr a dtimcheall Elías? cionnas
do ní sé casáoid ré Día a naghaidh Israél, ag
rádh,
3 A Tighearna, do mharbhadar thfaidhe, agus
do leagadar síos haltóracha; agus do fágbhadh
misi am áonar, agus atáid síad ag íarruidh
manma.
4 Achd créd é an fhreagra do bheir Día air? Do
choimhéd mé dhamh féin seachd mile fear,
nár fhill a nglúine do Bhaal.
5 Ar a nadhbharsin ís mar sin do fágbhadh
fáoilleach ann sa naimsirsi do réir thoghtha na
ngrás.
6 Agus más tré ghrás, ní ó oibrighthibh *atá sé*
feasda: nó ní grás an grás uáidh sin amach.
Achd más ó oibrighthibh, ní grás é as sin súas:
nó ní hobair a nobair feasda.
7 Créd eile máseadh? an ní íarrus Israél ní
fhuáir sé é; achd fúaradar na dáoine toghtha *é*,
agus do dalladh an chuid eile.
8 Mar atá sgríobhtha, Tug Día spiorad
chollatach dhóibh, súile chum nach
bhfaicfedis, agus clúasa chum nach
ccluinfedís; gus a niugh.
9 Agus a deir Dáibhi, Bíodh a mbórd mar dhúl,
agus mar ghléus gabhála, agus mar adhbhair
oilbhéime, agus mar mhalairt dóibh:
10 Bíodh a súile dall, chum nach bhfaicfidh
síad, agus cromsa a ndromanna a
gcomhnuidhe.
11 Uime sin fíafraighim, An bhfúaradar
tuisleagh chum go dtuitfedís? nar léigidh Día
*sin*: achd sé a dtuitimsion slánughadh na
Ccineadhach, chum tnútha do chur orrthasan.
12 Agus más é a dtuitimsion saidhbhreas an
domhain, agus a laghdughadh saidhbhreas na
Gcineadhach; a né nach mó ná sin a
líonmhuireachd?
13 Oír is ribhsina Cineadhuibh labhruim, do
bhrígh gur me easbal na Gcineadhach,
onóruighim moifig féin:
14 Dá fhéuchuin an bhféudfuinn ar chor ar
bith tnúth do chur ar mo chomhgháol féin,
agus cuid éigin díobh do shlanughadh.

## Chapter 11

1 I say then, Hath God cast away his people?
God forbid. For I also am an Israelite, of the
seed of Abraham, *of* the tribe of Benjamin.
2 God hath not cast away his people which he
foreknew. Wot ye not what the scripture saith
of Elias? how he maketh intercession to God
against Israel, saying,
3 Lord, they have killed thy prophets, and
digged down thine altars; and I am left alone,
and they seek my life.
4 But what saith the answer of God unto him?
I have reserved to myself seven thousand men,
who have not bowed the knee to *the image of*
Baal.
5 Even so then at this present time also there
is a remnant according to the election of grace.
6 And if by grace, then *is it* no more of works:
otherwise grace is no more grace. But if *it be* of
works, then is it no more grace: otherwise
work is no more work.
7 What then? Israel hath not obtained that
which he seeketh for; but the election hath
obtained it, and the rest were blinded
8 (According as it is written, God hath given
them the spirit of slumber, eyes that they
should not see, and ears that they should not
hear;) unto this day.
9 And David saith, Let their table be made a
snare, and a trap, and a stumblingblock, and a
recompence unto them:
10 Let their eyes be darkened, that they may
not see, and bow down their back alway.
11 I say then, Have they stumbled that they
should fall? God forbid: but *rather* through
their fall salvation *is come* unto the Gentiles,
for to provoke them to jealousy.
12 Now if the fall of them *be* the riches of the
world, and the diminishing of them the riches
of the Gentiles; how much more their fulness?
13 For I speak to you Gentiles, inasmuch as I
am the apostle of the Gentiles, I magnify mine
office:
14 If by any means I may provoke to emulation
*them which are* my flesh, and might save some
of them.

15 Oír más é ndíultadhsan is réiteach don domhan, créd é a nathghabháil, achd beatha ó mharbhuibh?
16 Oír má *atáid* na céadthórrtha náomtha, *atá* an chuid eile *náomhtha* mar an gcéudna: agus má *atá* an fhréamh náomhtha, *atáid* na géuga leis.
17 Achd má atá cuid éigin do na géuguibh ar na ngearradh dhe, agus gur cuireadh thusa na nionad, agus gur roinneadh fréamh agus súgh chroinn na hola fíre riot, ar mbeith dhuit, ad chrann ola fhíadháin;
18 Ná bíodh uáill ort a naghuidh na ngég. Achd ma bhíonn uáill ort, ní tusa iomchras an fhréamh, achd an fhréamh thusa.
19 Uime sin a déara tú, Do gearradh na géuga dhe, chum go bplainntéochtháoi misi *ná náit.*
20 Is maith sin; is tré mhíchreideamh do gearradh íad, agus seasuigh tusa tré chreideamh. Ná bí áirdinntinneach, achd biodh eagla ort.
21 Oír ma nar choigill Día na géuga nadúrtha, dob éidir nach ccoigéoladh sé thusa mar an gcéadna.
22 Ar a nadhbharsin tabhair dod aire toirbheartas agus buirbe Dé: a bhuirbe, do tháobh na muinntire do thuit; achd a thoirbheartas, duitsi, dá bhfana tú ann a thoirbheartus: nó gearrfuidhear thusa mar an gcéudna.
23 Agus plainndéochthar íad súd a rís, achd muna bhfanuid síad a míchreideamh: óir is éidir lé Día a gcur a steach a rís.
24 Oír má gearradh thusa don chrann ola do bhí fiadháin ó naduir, agus gur cuireadh thusa a naghuidh nádúra a gcrann na fíorola: a né nach mó na sin, chuirfidhthear na *géugasa* atá nadúrtha, ann a gcrann ola féin?
25 Oír ní háill leam, a bhráithreacha, ainbhfios na seicréidesi do bheith oruibh, do chum nach bíadh sibh glic ann bhur mbaramhluibh féin;) go dtárrla daille air chuid Díosráel, nó go dtí iomláine na Gcineadhach a steach.
26 Agus mar sin sláineochthar Isráel uile: mar atá sgriobhtha, Tiocfa an Fear sáortha as Síon, agus fillfidh sé neamhdhíadhachd ó Iácob:
27 Agus a sé so mo chunnradh ríu, an tan thoigéubhas mé a bpeacuigh úatha.
28 Uime sin do tháobh an tsoisgéil, *atáid síad* na náimhdibh ar bhur sonsa: achd do tháobh na toghtha, *atáid síad* grádhaighe ar son na naithreach.
29 Oír atáid tiodhlaice agus gairm Dé gan aithreachus.

15 For if the casting away of them *be* the reconciling of the world, what *shall* the receiving *of them be,* but life from the dead?
16 For if the firstfruit *be* holy, the lump *is* also *holy:* and if the root *be* holy, so *are* the branches.
17 And if some of the branches be broken off, and thou, being a wild olive tree, wert graffed in among them, and with them partakest of the root and fatness of the olive tree;
18 Boast not against the branches. But if thou boast, thou bearest not the root, but the root thee.
19 Thou wilt say then, The branches were broken off, that I might be graffed in.
20 Well; because of unbelief they were broken off, and thou standest by faith. Be not highminded, but fear:
21 For if God spared not the natural branches, *take heed* lest he also spare not thee.
22 Behold therefore the goodness and severity of God: on them which fell, severity; but toward thee, goodness, if thou continue in *his* goodness: otherwise thou also shalt be cut off.
23 And they also, if they abide not still in unbelief, shall be graffed in: for God is able to graff them in again.
24 For if thou wert cut out of the olive tree which is wild by nature, and wert graffed contrary to nature into a good olive tree: how much more shall these, which be the natural *branches,* be graffed into their own olive tree?
25 For I would not, brethren, that ye should be ignorant of this mystery, lest ye should be wise in your own conceits; that blindness in part is happened to Israel, until the fulness of the Gentiles be come in.
26 And so all Israel shall be saved: as it is written, There shall come out of Sion the Deliverer, and shall turn away ungodliness from Jacob:
27 For this *is* my covenant unto them, when I shall take away their sins.
28 As concerning the gospel, *they are* enemies for your sakes: but as touching the election, *they are* beloved for the fathers' sakes.
29 For the gifts and calling of God *are* without repentance.

30 Oír do réir mar nach ttugabhairse a nallód úmhlachd do Dhía, agus fúarabhair trócaire a noís tré na neasúmhlachdsan:
31 As mar an gcéudna a nois níor chreideadarsan, da bhur dtrócairesi ionnus go bhfuighedís féin trócaire mar an gcéudna.
32 Oír do dhúin Día íad uile a neamhchreideamh, do chum trócaire do dhéunamh orrtha uile.
33 O créd e doímhne shaidhbhris éagna agus éolais Dé! Créd é deacrachd a bhreitheamhnuis do chúartughadh, agus lorg a shligheadh do leanmhuin!
34 Oír cía agá raibh fios inntinne an Tighearna? nó cía ba comhairleach dhó?
35 Nó cía thug dhó ní ar tús, agus do ghéubhaidh sé a chúitiughadh leis?
36 Oír is úadhasan, agus thrídsion, agus ar a shonsan *atáid* na huile neithe: glóir dhó féin go síorruidhe. Amén.

30 For as ye in times past have not believed God, yet have now obtained mercy through their unbelief:
31 Even so have these also now not believed, that through your mercy they also may obtain mercy.
32 For God hath concluded them all in unbelief, that he might have mercy upon all.
33 O the depth of the riches both of the wisdom and knowledge of God! how unsearchable *are* his judgments, and his ways past finding out!
34 For who hath known the mind of the Lord? or who hath been his counsellor?
35 Or who hath first given to him, and it shall be recompensed unto him again?
36 For of him, and through him, and to him, *are* all things: to whom *be* glory for ever. Amen.

## Caibidil 12

*Ata adhra úmhal Dé, maílle re gradh charad agus námhad, fúagartha orrainn trid shompla thrócaire Chríosd.*

1 Ar a nadhbharsin sirim dathchuinge oraibh, a dhearbhraithreacha, tré trócaire Dé, bhur gcuirp do thabhairt na bhéo-iodhbairt, náomhtha, geanamhail do Dhía, bhur seirbhís réusúnta.
2 Agus na cumaidh sibh féin ris an tsáoghalsa: achd cuiridh sibh féin a natharrach crotha ré hathnúadhughadh bhur ninntinne, ionnus go mbíadh a dhearbh aguibh créud í toil mhaith, gheanamhuil, dhiongmhála Dé.
3 Oír a deirim, ré gach áon eadruibhse, trés an ngrás do tugadh dhamh, gan ghabháil ré a ais ní do thuigsin ós cionn a neithe is iomchubhaidh dhó do thuigsin; achd a thuigsi do bheith réir mheasarrdhachda, amhail as do roinn Día ré gach áoinneach miosúr creidimh.
4 Oír do réir mar atá iomad ball aguinn a néunchorp amháin, agus nach éunoifig amháin atá ag na huile bhallaibh sin:
5 As mar an gcéudna, atámaóidne morán, ar néanchorp a Gcríosd, agus gach áon fo leith ar mhallaibh agá chéile.
6 Uime sin ar mbeith do thiodhlaicibh éugsámhla aguinn do réir na ngrás tugadh dhúinn, más fáidhedóireachd *atá aguinn, déanam faidhedóireachd* do réir mhéud an chreidimh;

## Chapter 12

1 I beseech you therefore, brethren, by the mercies of God, that ye present your bodies a living sacrifice, holy, acceptable unto God, *which is* your reasonable service.
2 And be not conformed to this world: but be ye transformed by the renewing of your mind, that ye may prove what *is* that good, and acceptable, and perfect, will of God.
3 For I say, through the grace given unto me, to every man that is among you, not to think *of himself* more highly than he ought to think; but to think soberly, according as God hath dealt to every man the measure of faith.
4 For as we have many members in one body, and all members have not the same office:
5 So we, *being* many, are one body in Christ, and every one members one of another.
6 Having then gifts differing according to the grace that is given to us, whether prophecy, *let us prophesy* according to the proportion of faith;

7 Nó más oifig *atá aguinn, tugam aire* don
oifig: nó an té theaguisgeas, *tugadh aire* dha
theagusg;

7 Or ministry, *let us wait* on *our* ministering:
or he that teacheth, on teaching;

8 Nó an té do bheir foirceadal úadha, *tugadh*
*aire* dhá fhoirceadal: an tí roinneas *an déirc,*
*roinneadh* í maille ré neamhurchóid; an tí agá
bhfuil ceannus ós cionn cháich, *déunadh é*
maille ré dúthrachd; an tí do ní trócaire,
*déunadh í* maille ré súbhachus.

8 Or he that exhorteth, on exhortation: he that
giveth, *let him do it* with simplicity; he that
ruleth, with diligence; he that sheweth mercy,
with cheerfulness.

9 *Bíodh bhur* ngrádh gan cheilg. Bíodh gráin
agaibh ar a nolc; *agus* ceangluigh don mhaith.

9 *Let* love be without dissimulation. Abhor
that which is evil; cleave to that which is good.

10 *Bíodh* toil aguibh dhá chéile maillé ré grádh
bráithreamhuil; ag tabhairt onóra uáibh gach
áon ag dul roimhe a chéile;

10 *Be* kindly affectioned one to another with
brotherly love; in honour preferring one
another;

11 Ná *bíghidh* leisgeamhuil a ngnothuighibh;
*Bíghidh* ar fiuchadh ann bhur spioraid; ag
déanamh seirbhísi don Tighearna;

11 Not slothful in business; fervent in spirit;
serving the Lord;

12 Ag déunamh gáirdeachais tré dhóthchas;
foighideach a mbuáidhearthuibh;
cómhnuigheach a núrnaighe;

12 Rejoicing in hope; patient in tribulation;
continuing instant in prayer;

13 Ag cómhroinn ris na náomhaibh iona
ríachdanusaibh; ag gnáthughadh luchd
áoidheachda do ghlacadh.

13 Distributing to the necessity of saints; given
to hospitality.

14 Tabhruidh bhur mbeannachd don dreim
dhíbhreas síbh: tabhruidh bhur mbeannachd
*dóibh*, agus na malluidhe íad.

14 Bless them which persecute you: bless, and
curse not.

15 Bíodh gairdeachus oráibh ma ráon ris an
muinntir ar a bhfuil gairdeachus, agus bíghídh
ag cáoi maráon ris an muinntir do ní caói.

15 Rejoice with them that do rejoice, and weep
with them that weep.

16 Go madh háontoil dhíbh ré chéile. Ná
*bíghidh* áirdinntinneach, achd cumaidh sibh
féin ris a ndreim is ísle. Nó bighidh glic ann
bhur mbaramhluibh féin.

16 *Be* of the same mind one toward another.
Mind not high things, but condescend to men
of low estate. Be not wise in your own conceits.

17 Na déanaidh olc a naghaidh uilc ar
éainneach. Bíodh cúram na neitheann maith
oraibh a bhfíadhnuise na nuile dháoine.

17 Recompense to no man evil for evil. Provide
things honest in the sight of all men.

18 Mas féidir é, an mhéid thig dhíbhsé dhe,
bíodh síothcháin agaibh ris na huile
dhaóinibh.

18 If it be possible, as much as lieth in you, live
peaceably with all men.

19 A chairde grádhacha, ná déunaidh
dioghaltus ar bhur son féin, achd fanaidh ris
an bhfeirg: óir atá sgríobhtha, *Is* leamsa an
dioghaltus; do bhéura mé cúitiughadh uáim, a
deir an Tighearna.

19 Dearly beloved, avenge not yourselves, but
*rather* give place unto wrath: for it is written,
Vengeance *is* mine; I will repay, saith the Lord.

20 Uime sin dá raibh ocarus ar do námhuid,
tabhair bíadh dhó; dá raibh tart air, tabhair
deoch dhó: óir tré so do dhéunamh dhuit
carnfuidh tú gríosach ar a cheann.

20 Therefore if thine enemy hunger, feed him;
if he thirst, give him drink: for in so doing thou
shalt heap coals of fire on his head.

21 Na beireadh an tolc buáidh ort, achd beirse
buáidh ar a nolc ré maith.

21 Be not overcome of evil, but overcome evil
with good.

## Caibidil 13

*Umhlachd, íonthabharta dúachdáranaibh cneasta, 4 ag caithreamh ar ceirte, 8 agus grádh do gach aónduine.*

## Chapter 13

1 Biodh gach uile anum úmhal do na cúmhachdaibh atá ós a chionn. Oír ní bhfuil cúmhachda ar bith achd ó Dhía: agus na cúmhachda atá ann as ó Dhía do hórduigheadh íad.

1 Let every soul be subject unto the higher powers. For there is no power but of God: the powers that be are ordained of God.

2 Ar a nadhbharsin gidh bé ar bith chuireas a naghaidh an chúmhachda, cuiridh sé a nadhaigh órdaighe Dé: agus an dream chuireas iona adhaigh gabhaid damnughadh chuca féin.

2 Whosoever therefore resisteth the power, resisteth the ordinance of God: and they that resist shall receive to themselves damnation.

3 Oír ní bhí eagla roimh úachdaránaibh ar son dheighghniomharthadh, achd ar son dhroich *ghniomharthadh*. Uime sin an mían riot bheith gan eagla an chúmhachda ort; déuna maith, agus do ghéubha tú moladh uádh:

3 For rulers are not a terror to good works, but to the evil. Wilt thou then not be afraid of the power? do that which is good, and thou shalt have praise of the same:

4 Oír a sé searbhfhoghantuidhe Dé é chum do mhaitheasasa. Achd dá ndéarnaidh tú olc, bíodh eagla órt; óir ní go diomháoineach iomchras sé an cloidheamh: óir a sé searbhfhoghantuidhe Dé é, na dhioghaltóir feirge ar an tí do ní olc.

4 For he is the minister of God to thee for good. But if thou do that which is evil, be afraid; for he beareth not the sword in vain: for he is the minister of God, a revenger to *execute* wrath upon him that doeth evil.

5 Uime sin as éigean bheith úmhal, ní deagla feirge amháin, achd fós ar son coinnsiáis.

5 Wherefore *ye* must needs be subject, not only for wrath, but also for conscience sake.

6 Oír is uime so íocas sibh cánachus: do bhrígh gur searbhfhoghantuigheadha do Dhía íad, ag déunamh a ndithchill sa ní chéudna.

6 For for this cause pay ye tribute also: for they are God's ministers, attending continually upon this very thing.

7 Ar a nadhbharsin tabhruidh a nduálghus do na huile dháoinibh: cánachus don tí *dar dúal* cánachus; cusdum dom tí *dar dúal* cusdum; eagla ré san tí *ré ar coir* eagla; onóir don tí *dár cóir* onóir.

7 Render therefore to all their dues: tribute to whom tribute *is due;* custom to whom custom; fear to whom fear; honour to whom honour.

8 Ná bíodh fíacha ag áoin neach oraibh, achd amháin sibh féin do ghrádhughadh a cheile. (Oír an tí ghrádhaigheas a chómharsa do choimhlíon se an dligheadh.

8 Owe no man any thing, but to love one another: for he that loveth another hath fulfilled the law.

9 Oír *na haitheantasa*, Na déuna adhaltrannus, Na déuna dúnmharbhadh, Na déuna goid, Na déuna fíadhnuisi bhréige, Na déuna saint; agus gach aithne eile *dha bhfuil ann*, atáid go haithghearr fá bhrigh an ráidh so, eadhon, Grádhaigh do chomharsa mar thú féin.

9 For this, Thou shalt not commit adultery, Thou shalt not kill, Thou shalt not steal, Thou shalt not bear false witness, Thou shalt not covet; and if *there be* any other commandment, it is briefly comprehended in this saying, namely, Thou shalt love thy neighbour as thyself.

10 Ní dhéanann grádh olc don chomharsain: ar a nadhbharsin *a sé* an grádh coimhlionadh an dlighe.

10 Love worketh no ill to his neighbour: therefore love *is* the fulfilling of the law.

11 Agus sin, ré meas na haimsire, gur mithidh dhúinn a nois músgladh ó chodladh: óir is goire dhúinn a nois ar slanughadh na a nuáir do chreideamar.

11 And that, knowing the time, that now *it is* high time to awake out of sleep: for now *is* our salvation nearer than when we believed.

12 Do chuáidh a noidhche thorainn, agus do dhruid an lá rinn: uime sin teilgeam uáinn oibreacha an dorchaduis, agus cuiream umainn éideadh an tsolais.

12 The night is far spent, the day is at hand: let us therefore cast off the works of darkness, and let us put on the armour of light.

13 Síubhlam go cubhaidh amháil sa ló; ní a
gcráos ná a meisge, ná a seómradóireachd ná
a macnus, ná a gceannarraic ná a dtnúth.
14 Achd cuiridh umuibh an Tighearna Íósa
Críosd, agus ná bíodh cúram na colla oraíbh, a
míangusuibh.

13 Let us walk honestly, as in the day; not in
rioting and drunkenness, not in chambering
and wantonness, not in strife and envying.
14 But put ye on the Lord Jesus Christ, and
make not provision for the flesh, to *fulfil* the
lusts *thereof*.

## Caibidil 14

*Gan oilbheim thabhairt don aithearrach, ni neithibh, eidir-mheadhonach.*

## Chapter 14

1 GABHAIDH chugaibh an tí atá éagcruáidh sa
gcreideamh, *achd* ní chum ímreasan
diosbóireachda.
2 Creididh neach gur féidir gach uile bhíadh
díthe: agus ithidh neach eile, bhíos
éugcruáidh, luibheanna.
3 Ná tugadh an té itheas tárcuisne ar an tí nach
itheann; agus ná beireadh an tí nach itheann
breath ar an tí itheas: oír do ghabh Día leis.
4 Cía thusa bheireas breith ar
shearbhfhoghantuidhe dhuine eile? as dá
Thighearna féin sheasus nó thuiteas sé. Agus
coingéubhthar súas é: oír is éidir lé Día a
chongmháil na sheasamh.
5 Bí cion ag neach ar lá tar lá eile: agus bí cion
ag neach eile ar gach lá *mar a chéile*. Bíodh
gach éunduine laindearbhtha ann a inntinn
féin.
6 An tí chongmhas an lá, as don Tighearna
chongmhas sé *é*; agus an tí nach ccongmhann
an lá, as don Tighearna nach ccongmhann sé
*é*. An té itheas, as don Tighearna itheas sé, óir
beiridh sé buidheachus ré Día; agus an té nách
itheann, as don Tighearna nach ithean sé, agus
beiridh a bhuidhe ré Día.
7 Oír ní dhó féin mhaireas éunduine aguinn,
agus ní dó féin do gheibh éunduine aguinn bás.
8 Oír más béo dhuinn, as don Tighearna
atámáid beó; agus más marbh dhúinn, as don
Tighearna atámáoid marbh: uime sin más beó,
nó marbh dhúinn, as leis an Tighearna sinn.
9 Oir is chuige so fuáir Críosd bás, agus do
eiséirighe sé, agus do aithbheódhaidh se,
chum bheith na Thighearna dhó ar
bheodhaibh agus ar mharbhaibh.
10 Ach créd fá mbeireann tusa breath ar do
dhearbhráthair? nó fós créud fa
dtarcuisnigheann tú do dhearbhratháir? óir
séasfum uile a bhfiadhnuise chaithreach
bhreitheamhnuis Chríosd.
11 Oír atá sgríobhtha, Mairimse, a deir an
Tighearna, agus sléachdfuidh gach uile ghlún

1 Him that is weak in the faith receive ye, *but*
not to doubtful disputations.
2 For one believeth that he may eat all things:
another, who is weak, eateth herbs.
3 Let not him that eateth despise him that
eateth not; and let not him which eateth not
judge him that eateth: for God hath received
him.
4 Who art thou that judgest another man's
servant? to his own master he standeth or
falleth. Yea, he shall be holden up: for God is
able to make him stand.
5 One man esteemeth one day above another:
another esteemeth every day *alike*. Let every
man be fully persuaded in his own mind.
6 He that regardeth the day, regardeth *it* unto
the Lord; and he that regardeth not the day, to
the Lord he doth not regard *it*. He that eateth,
eateth to the Lord, for he giveth God thanks;
and he that eateth not, to the Lord he eateth
not, and giveth God thanks.
7 For none of us liveth to himself, and no man
dieth to himself.
8 For whether we live, we live unto the Lord;
and whether we die, we die unto the Lord:
whether we live therefore, or die, we are the
Lord's.
9 For to this end Christ both died, and rose,
and revived, that he might be Lord both of the
dead and living.
10 But why dost thou judge thy brother? or
why dost thou set at nought thy brother? for
we shall all stand before the judgment seat of
Christ.
11 For it is written, *As* I live, saith the Lord,
every knee shall bow to me, and every tongue
shall confess to God.

damh, agus do dhéana gach uile theangaidh admháil do Dhía.

12 Ar a nadhbharsin do bhéura gach áon dínn cunntus ar a shon féin do Dhía.

12 So then every one of us shall give account of himself to God.

13 Uime sin ná bímid ní sa mhó ag breith bhreithe ar a chéile: achd go madh mó dhéanus sibh bréitheamhnus air so, eadhon gan adhbhar oilbhéime na tuitme do thabhairt da bhur ndearbhrathair.

13 Let us not therefore judge one another any more: but judge this rather, that no man put a stumblingblock or an occasion to fall in *his* brother's way.

14 Atá a fhios agum, agus is dearbh leam tré san Dtighearna Iósa, nach *bhfuil* éainni neamhghlan úadha féin: achd on tí mheasas éinni do bheith neamhghlan, *atá* sé dhó sin neamhghlan.

14 I know, and am persuaded by the Lord Jesus, that *there is* nothing unclean of itself: but to him that esteemeth any thing to be unclean, to him *it is* unclean.

15 Gidheadh dá raibh doilgheas ar do dhearbhrathair ar son an bhídh, ní shiubhlann tú a nois do réir ghrádha. Ná cuir amúgha réd bhiádh, an té agá bhfuáir Chríosd bás ar a shon.

15 But if thy brother be grieved with *thy* meat, now walkest thou not charitably. Destroy not him with thy meat, for whom Christ died.

16 Ar a nadhbharsin na tugaidh fá deara bhur maith do mhaslughadh:

16 Let not then your good be evil spoken of:

17 Oír ní bíadh na deoch rioghachd Dé; achd fireantachd, agus siothcháin, agus gáirdeachus san Spiorad Náomh.

17 For the kingdom of God is not meat and drink; but righteousness, and peace, and joy in the Holy Ghost.

18 Oír gidh bé ar bith do ní seirbhís do Chríosd ann sna neithibhsi *atá* gean ag Día air, agus is dearbhtha re dáoinibh é.

18 For he that in these things serveth Christ *is* acceptable to God, and approved of men.

19 Uime sin leanum na neithe bheanus ré soithcháin, agus na neithe bheanus ré follamnughadh a chéile.

19 Let us therefore follow after the things which make for peace, and things wherewith one may edify another.

20 Ná cuir amúgha obair Dé ar son bídh. Go deimhin *atá* a nuile bhíadh glan; achd teid a ndochar don tí itheas maille ré hoilbhéim.

20 For meat destroy not the work of God. All things indeed *are* pure; but *it is* evil for that man who eateth with offence.

21 *As* indéunta gan feóil dithe, ná fíon dibhe, na *éainni* tré bhfuighe do dhearbhráthair tuisleadh, nó oilbhéim, nó tré a ndéantáoi éugcruáidh é.

21 *It is* good neither to eat flesh, nor to drink wine, nor *any thing* whereby thy brother stumbleth, or is offended, or is made weak.

22 Ata creideamh agadsa, bíodh sé agad leachd féin a bhfíadhnuise Dé. *As* beannaighe an ti nach damnuigheann é féin fá an ní ré dtig sé.

22 Hast thou faith? have *it* to thyself before God. Happy *is* he that condemneth not himself in that thing which he alloweth.

23 Achd an tí ar a mbí amhrus dá nithidh sé atá se damanta, do bhrígh nach ó chreideamh *itheas se*: óir gach ní nach *bhfuil* ó chreideamh is peacadh é.

23 And he that doubteth is damned if he eat, because *he eateth* not of faith: for whatsoever *is* not of faith is sin.

## Caibidil 15

*Ni fuláir don laídir a necreidimh, an anbfann do neartughadh, mar dhearnadh le Criosd.*

## Chapter 15

1 Ata dfiachaibh orainne an dream atá láidir éugcrúas na ndáoineadh meirbh diomchar, agus gan ar dtoil féin do leanmhuin.

1 We then that are strong ought to bear the infirmities of the weak, and not to please ourselves.

2 Uime sin déunadh gach áon aguinn toil a chomharsan ré maith chum follamnuighe.

2 Let every one of us please *his* neighbour for *his* good to edification.

3 Oír ní hí a thoil féin do rinne Críosd; achd, do réir mar atá sgríobhtha, Do luidh imdheargadh na druinge do imdhearg thusa oramsa.

4 Oír gidh bé neithe do sgríobhadh roimhe so is chum sinne theagusg do sgríobhadh íad, ionnus go mbeith dóthchas aguinn tré fhoighid agus tré chómhfhurtachd na sgríobtúr.

5 Agus go dtugaidh Día na foighide agus na cómhfhurtachda dhaóibh bheith dáoininntin a dtáobh a chéile do réir Iósa Críosd:

6 Ionnus go madh héidir libh go háontadhach ré hén bhéul amháin, Día Athair ar Dtighearna Iósa Críosd do mholadh.

7 Uime sin gabhaídh chugaibh a chéile, do réir mar do ghabh Críosd sinne chuige chum glóire Dé.

8 Agus a deirim go raibh Iósa Críosd na mhinistir an timchillghearrtha ar son fírinne Dé, chum geallamhnach na naithreach do dhaingniughadh:

9 Agus ionnus go molfadh na cineadhacha Día ar son *a* thrócaire; do réir mar atá sgríobhtha, Ar a nadhbharsa aidmheocha mé thú a measg na Gcineadhach, agus do dhéuna mé ceól dod ainm.

10 Agus a deir sé a rís, Déunaidh gáirdeachus, a Chineadhacha, maille ré na phobal.

11 Agus a rís, Molaidh an Tighearna a uile Chineadhacha, agus a phuibleacha uile, molaidh é.

12 Agus a ris a deir Esaías, Biáidh fréamh Iesse ann, agus an tí éireochas chum na Ccineadhach do sdiúradh; cuirfid na Cineadhacha a ndóthchas ann.

13 Agus go líonaidh Día an dóthchais sibhse do gach uile gháirdeachus agus shoithcháin ó chreideamh dháoibh, ionnus go madh móide bhur ndóthchas, tré chúmhachdaibh an Spiorad Náoimh.

14 Agus a dhearbhráithreacha, as dearbh leamsa féin bhir dtáobhsa, go bhfuilti lán do mhaith, ar mbeith dháoibh líonta do ghach uile éolas, agus go dtig dháoibh fós a chéile do theagusg.

15 Gidheadh fós, a bhráithreacha, do sgríobh mé chugaibh a gcáil maille ré ghé dhánachda, mar do bhéinn dá bhur gcur a gcuimhne, trés an ngrás tugadh dhamh ó Dhía,

16 Ionnus go mbéinn am óglach ag Iósa Críosd a measg na Gcineadhach, ag miniosdralachd soisgéil Dé, do chum go mbeith gean ar ofrail na Gcineadhach, ar mbeith dhi náomhtha trés an Spiorad Náomh.

3 For even Christ pleased not himself; but, as it is written, The reproaches of them that reproached thee fell on me.

4 For whatsoever things were written aforetime were written for our learning, that we through patience and comfort of the scriptures might have hope.

5 Now the God of patience and consolation grant you to be likeminded one toward another according to Christ Jesus:

6 That ye may with one mind *and* one mouth glorify God, even the Father of our Lord Jesus Christ.

7 Wherefore receive ye one another, as Christ also received us to the glory of God.

8 Now I say that Jesus Christ was a minister of the circumcision for the truth of God, to confirm the promises *made* unto the fathers:

9 And that the Gentiles might glorify God for *his* mercy; as it is written, For this cause I will confess to thee among the Gentiles, and sing unto thy name.

10 And again he saith, Rejoice, ye Gentiles, with his people.

11 And again, Praise the Lord, all ye Gentiles; and laud him, all ye people.

12 And again, Esaias saith, There shall be a root of Jesse, and he that shall rise to reign over the Gentiles; in him shall the Gentiles trust.

13 Now the God of hope fill you with all joy and peace in believing, that ye may abound in hope, through the power of the Holy Ghost.

14 And I myself also am persuaded of you, my brethren, that ye also are full of goodness, filled with all knowledge, able also to admonish one another.

15 Nevertheless, brethren, I have written the more boldly unto you in some sort, as putting you in mind, because of the grace that is given to me of God,

16 That I should be the minister of Jesus Christ to the Gentiles, ministering the gospel of God, that the offering up of the Gentiles might be acceptable, being sanctified by the Holy Ghost.

17 Uime sin atá *adhbhar* gáirdeachais agam a Niósa Críosd sna neithíbh úd ata a ttáobh Dé.

18 Oír ní bhía mé daná ar éainni do labhairt nar oibridh Críosd thríom, chum úmhlachda na Gcineadhach, a mbréithir agus a ngníomh,

19 Maille ré cúmhachd chómharthadh agus mhíorbhuileadh, tré neart Spioraide Dé; ionnus gur chóimhlíon mé soisgéil Chríosd, ó Ierusalem, agus na timcheall go soithe Illiricum.

20 Agus mar sin do choimhéignidh mé mé féin chum an tsoisgéil do sheanmórughadh, ní sa nionad ionar hainmnigheadh Críosd, deagla mobair do thogbháil damh ar fhunndameint dhuine eile:

21 Achd do réir mar atá sgriobhtha, Do chifid, an dream nach bhfuáir a thuarasgbháil é: agus an drong nach ccúalaídh tuigfid síad.

22 Ar a nadhbharsin fós do cuireadh toirmeasg oram go minic fá theachd chugaibhse.

23 Achd a nois ó nach bhfuil ionad ní sá mhó agam sna críochuibhse, agus ro fhonn oram ré mórán bliadhann teachd chugaibhse.

24 An tan thríallfus mé don Sbáinn, tiocfadh mé chugaibh: óir atá súil agum ré sibhse dfaicsin ag gabhail seacha dhíbh, agus sibhse do theachd riom dom sheóladh don nionad sin, achd go raibh mé saitheach a gcáil da bhur *gcuideachdasa*.

25 Achd a nois atáim ag dul go Híarusalém do dhéanamh miniosdrálachda do na náomhaibh.

26 Oir do bhádar *luchd* Mhacedónia agus Achaia fonnmhar ar chómhruinn do dhéanamh ris na náomhaibh bochd atá a Niarusalém.

27 Oír bá rothoil ríu é; agus atáid siádsan na bhféitheamhnuibh aca. Oír má roinneadh ris na Cineadhachaibh a neithe sbioradáltasan, atá dfiachaibh orrthasan mar an gcéudna miniosdrálachd do dhéanamh dhóibhsion sna neithibh bheanus ris an gcolainn.

28 Uime sin ar na chríochnughadh so dhamh, agus ar gcur shéula dhamh ar an toradhsa dhóibh, géubhaidh mé ré bhur dtáobhsa don Sbainn.

29 Agus as deimhin leam, ar dteachd dhamh chugaibhse, go dtiocfaidh mé maille ré beannachdadh líonmharshoisgéil Chriosd.

30 Agus íarruim dathchúinghe oraibh, a dhearbhraithreacha, tré ar Dtighearna Íósa Críosd, agus ar son ghrádha na Spioraide,

17 I have therefore whereof I may glory through Jesus Christ in those things which pertain to God.

18 For I will not dare to speak of any of those things which Christ hath not wrought by me, to make the Gentiles obedient, by word and deed,

19 Through mighty signs and wonders, by the power of the Spirit of God; so that from Jerusalem, and round about unto Illyricum, I have fully preached the gospel of Christ.

20 Yea, so have I strived to preach the gospel, not where Christ was named, lest I should build upon another man's foundation:

21 But as it is written, To whom he was not spoken of, they shall see: and they that have not heard shall understand.

22 For which cause also I have been much hindered from coming to you.

23 But now having no more place in these parts, and having a great desire these many years to come unto you;

24 Whensoever I take my journey into Spain, I will come to you: for I trust to see you in my journey, and to be brought on my way thitherward by you, if first I be somewhat filled with your *company*.

25 But now I go unto Jerusalem to minister unto the saints.

26 For it hath pleased them of Macedonia and Achaia to make a certain contribution for the poor saints which are at Jerusalem.

27 It hath pleased them verily; and their debtors they are. For if the Gentiles have been made partakers of their spiritual things, their duty is also to minister unto them in carnal things.

28 When therefore I have performed this, and have sealed to them this fruit, I will come by you into Spain.

29 And I am sure that, when I come unto you, I shall come in the fulness of the blessing of the gospel of Christ.

30 Now I beseech you, brethren, for the Lord Jesus Christ's sake, and for the love of the Spirit, that ye strive together with me in *your* prayers to God for me;

bhur ndithcheall do dhéunamh, ma ráon riom
a nurnaighibh chum Dé ar mo shon;
31 Chum mo sháortha ón druing atá easúmhal
a dtír Iúdaighe; agus chum go mbíadh mo
sheirbhís taitneamhach ag na náoimh a
Níarusalém;
32 Ionnus go madh héidir leam teachd
chugaibhse maille ré gáirdeachus do thoil Dé,
agus furtachd dfagháil dhamh má ráon ribh.
33 Agus Día na siothchána maille ribh uile.
Amen.

31 That I may be delivered from them that do
not believe in Judaea; and that my service
which *I have* for Jerusalem may be accepted of
the saints;
32 That I may come unto you with joy by the
will of God, and may with you be refreshed.
33 Now the God of peace *be* with you all.
Amen.

## Caibidil 16

*Tar éis fáiltiughadh do mhóran, 17 chuir Pól na bfaireach íad a ttáobh dháoine connsbóideach, contrarrdha.*

1 ACHD táobham ribh Phébe ar ndeirbhshíur,
noch as searbhfhoghantuidhe don neagluis atá
a Gcenchreá:
2 Do chum go ngabha sibh ría sa Dtighearna,
mar as cubhaidh do náomhaibh, agus
cúngnamh ría an gach adhbhar iona mbía
bhur riachdanus uirthe: oír tug sí áoidheachd
do mhorán, agus dámhsa féin mar an gcéudna.
3 Fáiltighidh do Phriscilla agus do Acuila mo
luchd cúnganta a Nióısa Críosd:
4 (Noch do chuir a muinéul féin sios ar son
manmasa: dá nach misi amháin do bheir
buidheachus, achd fós eagluiseacha na
Gcineadhach go hiomlán.
5 Agus do neagluis atá iona dtigh. Fáiltighidh
do Epénetus as ionmhuin liomsa, agar ab é
céudthoradh na Hachaíá a Gcríosd.
6 Fáiltighidh do Mhuire; noch do rinne
sáothar mhór ar dtimcheillne.
7 Fáiltighidh do Andronicus agus Iúnia, mo
dháoine gáoil, agus mo chumpána príosúin,
noch atá oirdheirc eidir na habstalaibh, noch
fós do bhí a Gcríosd rómhamsa.
8 Fáiltighidh do Amplias mo dhíoghraiseach
sa Dtíghearna.
9 Fáiltighidh do Urbánus, ar bhfear cabhartha
a Gcríosd, agus do Stachis mo *dhearbhrathair*
ionmhuin.
10 Fáiltighidh do Apelles *noch atá* dearbhtha
a Ccríosd. Fáiltighaidh do luchd *éntighe*
Aristoboluis.
11 Fáiltighidh do Heródion mo bhrathair.
Fáiltighidh do luch *éntighe* Narcissuis, noch
atá sa Dtighearna.
12 Fáiltighidh do Thriphéna agus do
Thriphósa, mná sháothruigheas sa
Dtighearna. Fáiltighidh do Phersis ionmhuin,
noch do rinne móran sáothair sa Dtighearna.

## Chapter 16

1 I commend unto you Phebe our sister, which
is a servant of the church which is at Cenchrea:
2 That ye receive her in the Lord, as becometh
saints, and that ye assist her in whatsoever
business she hath need of you: for she hath
been a succourer of many, and of myself also.
3 Greet Priscilla and Aquila my helpers in
Christ Jesus:
4 Who have for my life laid down their own
necks: unto whom not only I give thanks, but
also all the churches of the Gentiles.
5 Likewise *greet* the church that is in their
house. Salute my wellbeloved Epaenetus, who
is the firstfruits of Achaia unto Christ.
6 Greet Mary, who bestowed much labour on
us.
7 Salute Andronicus and Junia, my kinsmen,
and my fellowprisoners, who are of note
among the apostles, who also were in Christ
before me.
8 Greet Amplias my beloved in the Lord.
9 Salute Urbane, our helper in Christ, and
Stachys my beloved.
10 Salute Apelles approved in Christ. Salute
them which are of Aristobulus' *household*.
11 Salute Herodion my kinsman. Greet them
that be of the *household* of Narcissus, which
are in the Lord.
12 Salute Tryphena and Tryphosa, who labour
in the Lord. Salute the beloved Persis, which
laboured much in the Lord.

13 Fáiltighidh do Ruphus *duine* toghtha sa Dtighearna, agus da mhathair agus do mo mháthairse.
14 Fáiltighidh do Asincritus, Phlegon, Hermas, Phatrobas, Hermes, agus do na dearbhraithribh atá na bhfarradh.
15 Fáiltighidh do Philológus, agus do Iulias, do Nereas, agus dá dheirbhshiáir, agus do Olimpas, agus do na náomhuibh uile na bhfarradh.
16 Beannaighe féin dá chéile maille ré póig náomhtha. Cuirid eagluiseacha Chríosd beatha agus sláinte chugaibh.
17 Agus íarruim dathchuinge oruibh, a dhearbhráithreach, géurchoimhéud do dhéunamh dháóibh ar an muinntir thógbhus siosma agus is ciontach ré hoilbheim do thabhairt úatha contrarrdha don teagasg do fhoghluim sibh; agus seachnaidh íad.
18 Oír an luchd is cosmhuil ríu so, ní don Tighearna Iósa Críosd do níd síad seirbhís, achd dá mbolg féin; agus meallaid síad ré briathraibh millsi agus ré clúain croidhthe na ndáoine neamhurchóideach.
19 Oír ráinic *tuarasgbháil* bhur númhlachdsa na huile *dháoine*. Ar a nadhbharsin atá gáirdeachas orum bhur dtáobhsa: gidheadh is mían riom bheith dháoibh eagnuighe a dtáoibh na maitheasa, agus neamhurchoideach a dtaobh a nuilc.
20 Agus bruithfidh Día na síothchána Sátan fáoi bhur gcosaibh go haithghoird. Grása ar Dtighearna Iósa Críosd maille ribh. Amén.
21 Cuiridh Timotéus mo chompánach, agus Lúcius, agus Iáson, agus Sosipater, mo dháoine gáoil, beatha agus sláinte chugaibh.
22 Cuirimsi Tertius, noch do sgríobh an eipistilse, beatha agus sláinte chugaibh sa Dtighearna.
23 Cuiridh Gaius mósdóir féin, agus na heagluisi uile, beatha agus sláinté chugaibh: Cuiridh Erastus prócadóir na caithreach beatha agus sláinte chugaibh, agus an dearbhrathair Quartus.
24 Grása ar Dtighearna Iósa Críosd maille ribh uile. Amén.
25 Agus a nois don té lér féidír sibh do dhaingniughadh do réir mo shoisgeilsi, agus sheanmóra Iósa Críosd, do réir fhoillsighe na seicréide, noch do congmhadh go folaigheach ó thús an domhain,
26 Achd a nois atá ar na nochdadh, agus ar na fhoillsiughadh do na huile chineadhachaibh, tré sgríoptúraibh na bhfáidheagh, dó réir

13 Salute Rufus chosen in the Lord, and his mother and mine.
14 Salute Asyncritus, Phlegon, Hermas, Patrobas, Hermes, and the brethren which are with them.
15 Salute Philologus, and Julia, Nereus, and his sister, and Olympas, and all the saints which are with them.
16 Salute one another with an holy kiss. The churches of Christ salute you.
17 Now I beseech you, brethren, mark them which cause divisions and offences contrary to the doctrine which ye have learned; and avoid them.
18 For they that are such serve not our Lord Jesus Christ, but their own belly; and by good words and fair speeches deceive the hearts of the simple.
19 For your obedience is come abroad unto all *men*. I am glad therefore on your behalf: but yet I would have you wise unto that which is good, and simple concerning evil.
20 And the God of peace shall bruise Satan under your feet shortly. The grace of our Lord Jesus Christ *be* with you. Amen.
21 Timotheus my workfellow, and Lucius, and Jason, and Sosipater, my kinsmen, salute you.
22 I Tertius, who wrote *this* epistle, salute you in the Lord.
23 Gaius mine host, and of the whole church, saluteth you. Erastus the chamberlain of the city saluteth you, and Quartus a brother.
24 The grace of our Lord Jesus Christ *be* with you all. Amen.
25 Now to him that is of power to stablish you according to my gospel, and the preaching of Jesus Christ, according to the revelation of the mystery, which was kept secret since the world began,
26 But now is made manifest, and by the scriptures of the prophets, according to the commandment of the everlasting God, made known to all nations for the obedience of faith:

aithne Dé bhiothbhúain, chum úmhlachda an
chreideimh:
27 Don náoin Día éagnaidhe amháin, glóir go
síorruidhe tré Iósa Críosd. Amén.

27 To God only wise, *be* glory through Jesus
Christ for ever. Amen.